Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2018**
**(OR. en)**

**14638/18**

| | |
|---|---|
| **COASI 264** | **ONU 107** |
| **ASIE 63** | **WTO 327** |
| **CFSP/PESC 1160** | **RECH 524** |
| **CSDP/PSDC 717** | **DIGIT 244** |
| **RELEX 1062** | **CLIMA 246** |
| **COHOM 166** | **ENER 427** |
| **ASEM 11** | **ENV 862** |
| **TRANS 625** | **MAR 193** |
| **MIGR 216** | **COTER 174** |
| **EDUC 459** | **CYBER 309** |
| **CULT 161** | **REGIO 144** |
| **DEVGEN 232** | **CONOP 112** |
| **SUSTDEV 23** | **COMAR 32** |

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14634/18 |
| Ábhar: | Straitéis an Aontais i dtaca leis an India<br>- Conclúidí ón gComhairle (10 Nollaig 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais i dtaca leis an India, mar a ghlac an Chomhairle iad, ag an 3662ú cruinniú dá cuid a tionóladh ar an 10 Nollaig 2018.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis an Aontais i dtaca leis an India**

1. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá an chomhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an India, bunaithe ar luachanna comhpháirteacha an daonlathais, an smacht reachta, urraim do chearta an duine, tiomantas don ord domhanda riailbhunaithe agus don iltaobhachas éifeachtach, na forbartha inbhuanaithe agus leas coiteann maidir leis an gcomhar déthaobhach a fhorbairt a thuilleadh ar gach uile bealach.

2. Formhuiníonn an Chomhairle an teachtaireacht chomhpháirteach ón Ardionadaí agus ón gCoimisiún "*Elements for a European Union strategy on India*" [Gnéithe le haghaidh straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an India], lena gcuirfear, in éineacht leis na conclúidí seo, creat beartais ar fáil do chaidreamh níos doimhne, níos leithne idir an tAontas agus an India sna blianta atá le teacht.

3. Is dóigh leis an gComhairle go dtugann friotal agus cur chun feidhme Straitéis nua an Aontais i dtaca leis India deis luachmhar don India agus don Aontas caidreamh níos dlúithe a chothú agus cur leis an gcomhar déthaobhach atá eatarthu ar mhaithe le leas frithpháirteach a saoránach.

4. Is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil ról níos mó ag an India ar an leibhéal domhanda agus go bhfuil níos mó freagrachta uirthi, mar thoradh ar a beartas eachtrach uaillmhianach agus a geilleagar, atá ag fás go tapa. Trína gcomhpháirtíocht straitéiseach, déanann an tAontas agus an India a ndícheall an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn go comhpháirteach, agus an t-ord domhanda atá bunaithe ar rialacha a neartú.

5. Is cosantóirí tréana an iltaobhachais iad an tAontas agus an India, iltaobhachas a bhfuil na Náisiúin Aontaithe agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ina chroílár. Chun an t-iltaobhachas éifeachtach a chur chun cinn, féachfaidh an tAontas seasaimh a chomhordú leis an India chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin choitianta agus ar shaincheisteanna domhanda, go háirithe sna Náisiúin Aontaithe, G20, EDT agus i bhfóraim iltaobhacha eile. Tá an tAontas réidh chun tionscnaimh chomhpháirteacha a shaothrú, go déthaobhach agus sna Náisiúin Aontaithe, maidir le gach gné a bhaineann leis an leas coiteann, go suntasach an t-athrú aeráide, an smacht reachta agus an daonlathas, cur chun cinn agus cosaint chearta an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne, cumhachtú na mban agus cearta leanaí, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta.

6. Cuireann an comhar méadaithe le fás agus rathúnas an dá chomhpháirtí araon, agus lena dtiomantas comhpháirteach maidir le Clár Oibre 2030 agus Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa a chur chun feidhme. Is comhpháirtí lárnach é an tAontas sa mhéid a bhaineann le nuachóiriú agus comhtháthú inbhuanaithe na hIndia sa gheilleagar domhanda. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur gá an chomhpháirtíocht sin a fhorbairt a thuilleadh agus tacaíonn sí leis na tograí atá sa teachtaireacht chomhpháirteach i ndáil leis an méid sin.

7. Ba cheart don timpeallacht fheabhsaithe gnó san India, rochtain fheabhsaithe chothrom ar an margadh, ailíniú le caighdeáin agus cleachtais idirnáisiúnta, forfheidhmiú chearta maoine intleachtúla agus cosaint infheistíocht dul chun tairbhe na comhpháirtíochta idir an tAontas agus an India. Tá an tAontas meáite ar chomhaontú cuimsitheach uaillmhianach a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh a bhaint amach leis an India maidir le trádáil agus infheistíocht, lena n-áirítear gné láidir a bheidh bunaithe ar rialacha agus forálacha uaillmhianacha maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe. Dá mbeadh creat nua ann chun infheistíocht a chosaint a bheadh i gcomhréir le cur chuige an Aontais, mheallfaí níos mó infheistíochtaí ón Aontas chuig an India. Ba cheart idirphlé ardleibhéil aireachta rialta a chur ar bun le clár oibre coitianta uaillmhianach maidir le comhar eacnamaíoch, trádála, infheistíochta agus rialála a chur ar aghaidh.

8. Is díol sásaimh don Chomhairle na hinfheistíochtaí atá déanta ag an India san Eoraip mar fhoinse dinimicis eacnamaíoch. Ba cheart an comhar a chothú trí chruinnithe mullaigh gnó rialta.

9. Tá an comhar ó thaobh an taighde agus na nuálaíochta, lena n-áirítear maidir le saincheisteanna rialála, ríthábhachtach chun dul i ngleic, ar bhonn comhpháirteach, le dúshláin dhomhanda, tacú le nuachóiriú inbhuanaithe na hIndia, deiseanna gnó a oscailt agus barrfheabhas eolaíoch agus iomaíochas a mhéadú. Spreagfar an comhar maidir le cultúr, oideachas agus turasóireacht a thuilleadh chun go mbeidh tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta le fáil astu.

10. Is tionscnóirí ríthábhachtacha geilleagair dhigitigh iad an tAontas agus an India, geilleagar lena ndírítear ar fheabhas a chur ar shaol laethúil na saoránach agus na ngnólachtaí, ar chuimsitheacht agus ar rannpháirtíocht gach uile dhuine, go háirithe rannpháirtíocht na mban, an aosa óig agus daoine ó limistéir iargúlta tuaithe. Spreagann an Chomhairle níos mó comhair rialála lena ndírítear ar shreabha sonraí a éascú (agus leibhéal ard cosanta, a mbeidh feidhm leis ar líne agus as líne, á áirithiú aici do shonraí pearsanta), mar aon le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint.

11. Agus aitheantas á thabhairt aici don acmhainneacht ollmhór san Áise don fhás agus don rathúnas, tacaíonn an Chomhairle le comhar méadaithe leis an India chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais bhonneagair sa réigiún. Tá fís choiteann ag an Aontas agus an India i ndáil le nascacht idir an Eoraip agus an Áise bunaithe ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, eacnamaíoch, shóisialta agus fhioscach, fís lena dtabharfar cothrom na Féinne do ghnó, lena urramófar caighdeáin idirnáisiúnta agus lena gcuirfear le rialachas fónta. Cuirfidh an tAontas leis an gcaidreamh leis an India maidir le hiompar inbhuanaithe, muirí agus de thalamh atá seasmhach ó thaobh na haeráide, chomh maith le bonneagar ar ardchaighdeán, lena n-áirítear tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta, agus cuirfidh sé gníomhaíochtaí nascachta chun cinn go comhpháirteach faoi Chruinniú an Áise-an Eoraip (ASEM).

12. Tá dúshláin choitianta ag an Aontas agus an India a bhaineann le nuachóiriú inbhuanaithe a dhéanamh ar a ngeilleagair. Is díol sásaimh don Chomhairle na gníomhaíochtaí comhpháirteacha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin i gcomhthéacs chur chun feidhme na gComhpháirtíochtaí le haghaidh Uisce, Uirbithe, Éifeachtúlacht Acmhainní agus an Gheilleagair Chiorclaigh. Tá leas coiteann ag an Aontas agus ag an India freisin, ó thaobh soláthar fuinnimh slán, inbhuanaithe, inacmhainne, ísealastaíochta a sholáthar do gach duine. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an comhar praiticiúil, dírithe ar thorthaí, a neartú sna réimsí sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur gá na caighdeáin idirnáisiúnta maidir leis an gcomhshaol agus le sábháilteacht núicléach a chomhlíonadh ina n-iomláine.

13. Is díol sásaimh don Chomhairle rannchuidiú na hIndia chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda amhail an fhorbairt inbhuanaithe, an t-athrú aeráide, cosaint an chomhshaoil, chomh maith leis an mbithéagsúlacht, rialachas na n-aigéan, fóirithint dhaonnúil agus anachaine, sábháilteacht agus slándáil spáis agus faire na cruinne. Ba cheart a bheith mar aidhm leis an gcomhar maidir leis an athrú aeráide Comhaontú Pháras agus Prótacal Montréal a chur chun feidhme go héifeachtach, ina n-iomláine. D'fhéadfaí cur leis an gcuspóir sin trí fhorbairt a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht atá idir an India agus an tAontas i ndáil le fuinneamh glas agus an aeráid, trí idirphlé foirmiúil a bhunú idir an India agus an tAontas maidir leis an athrú aeráide, agus trí thacaíocht níos fearr ón Aontas don Chomhaontas Gréine Idirnáisiúnta agus comhar sa Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite. Bheifí in ann na spriocanna forbartha inbhuanaithe a bhaint amach le comhpháirtíocht athnuaite maidir leis an gcomhar um fhorbairt, lena n-áirítear i dtríú tíortha, agus le comhordú sna fóraim idirnáisiúnta.

14. Tacaíonn an Chomhairle le comhar méadaithe leis an India maidir le comhleasanna slándála, amhail an fhrithsceimhlitheoireacht, an radacú, an chibearshlándáil, bagairtí hibidreacha, slándáil mhuirí, agus neamhleathadh agus dí-armáil. Ba cheart comhar maidir le bainistiú géarchéime, caidrimh idir airm sna áireamh, a shaothrú d'fhonn feabhas a chur ar mhuinín fhrithpháirteach, measúnuithe comhpháirteacha agus comhfhreagairtí.

15. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí feabhas a chur ar an gcomhar leis an India maidir le saincheisteanna lárnacha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach trí mhalartuithe rialta agus comhordú a dhéanamh, go háirithe i ndáil leis an Iaráin/leis an bPlean Cuimsitheach Comhpháirteach Gníomhaíochta, an Afganastáin, an Áise, an Afraic, an Meánoirthear, agus leis an gCoinbhinsiún um Airm Cheimiceacha a chosaint. Ba cheart a bheith d'aidhm le hidirphlé agus le comhar tacú leis an gcomhtháthú réigiúnach san Áise agus san Aigéan Indiach - ar limistéar é atá ríthábhachtach ó thaobh rathúnas domhanda agus na slándála domhanda de. Iarrann an Chomhairle ar SEGS feabhas a chur ar an idirphlé a dhéantar i ndáil le cúrsaí slándála leis an India agus le comhpháirtithe eile sa réigiún i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le comhar slándála san Áise agus leis an Áise, an 28 Bealtaine 2018.

16. Tá cur chuige comhpháirteach níos láidre á mholadh ag an gComhairle idir institiúidí Eorpacha agus na Ballstáit d'fhonn feabhas a chur ar chomhordú, comhtháthú agus éifeachtacht a ngníomhaíochtaí faoi seach i ndáil leis an India. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé struchtúr chomhaontú comhair 1994 idir an tAontas agus an India a nuachóiriú i gcomhréir le mianta nua coitianta agus agus na dúshláin dhomhanda atá ann faoi láthair. Mar sin de, iarrann sí ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí a marana a dhéanamh an bhféadfaí comhaontú comhpháirtíochta straitéisí a bheith ann.

17. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme na dtosaíochtaí a sainaithníodh i Straitéis an Aontais maidir leis an India i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus a n-inniúlachtaí á gcur san áireamh. Measúnóidh an Chomhairle cur chun feidhme na straitéise gach bliain.